**Nóta Treorach 4: Maoirseacht an Bhoird ar chásanna cosanta leanaí a thaifeadadh ina chuid miontuairiscí.**

Tá sé i gceist leis an nóta seo treoir a thabhairt do phríomhoidí, DIAanna agus Boird Bainistíochta maidir le maoirseacht an Bhoird ar chásanna cosanta leanaí a thaifeadadh ina chuid miontuairiscí.

Ba chóir an nóta treorach seo a léamh in éineacht leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* (dá dtagrófar mar "na nósanna imeachta" ina dhiaidh seo)

**Príomhphrionsabail**

- Is iad na codanna ábhartha de na nósanna imeachta ná ailt 9.4, 9.5, 9.6, 9.7 agus 9.8.
- I gcás gach taifead ar chosaint leanaí a chuirtear ar fáil don bhord chun críocha maoirseachta, dóibh a **bhaineann le pearsanra na scoile san áireamh,** ba chóir ainmneacha a bhaint as agus folú a dhéanamh orthu lena chinntiú nach nochtar céannacht aon leanaí ná aon pháirtithe eile.
- Is faoin scoil atá sé cinneadh a dhéanamh cé mhéad cóip de dhoiciméid ba chóir a chur ar fáil don Bhord
- Ba cheart go sonrófaí sna miontuairiscí na doiciméid a cuireadh ar fáil ag cruinniú an bhoird. Is féidir an fhaisnéis seo a shonrú ar theimpléad roghnach F, atá ar fáil anseo agus is féidir é a cheangal de na miontuairiscí.
- Ag deireadh an chruinnithe ba cheart gach doiciméad a chuirtear ar fáil do bhaill an bhoird a bhailiú ó na baill agus a choinneáil sa chomhad cosanta leanaí.

**Seo a leanas sliocht samplach ó mhiontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta a rinne maoirseacht ar imní maidir le cosaint leanaí nár thuairiscigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe do Tusla agus nach raibh ball de phearsanra na scoile bainteach leis.**

*15/10/2020*

*Chuir an príomhoide an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ceangailte faoi bhráid an bhoird. Maidir le Cás 0012/2020, rinne an Bord athbhreithniú ar na doiciméid a raibh folú déanta orthu agus a cuireadh ar fáil chun críocha maoirseachta. Tá cuntas ar na doiciméid seo i dteimpléad F atá ceangailte. Rinneadh folú ar gach doiciméad agus rinneadh cóip de gach ceann do gach ball den bhord. Coinníodh gach cóip a raibh folú déanta orthu i gcomhad 0012/2020 ina dhiaidh sin.*

*Bhí an Bord sásta gur cloíodh leis na nósanna imeachta tuairiscithe ábhartha.*

**Seo a leanas sliocht samplach as miontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta a rinne maoirseacht ar imní maidir le cosaint leanaí a thuairiscigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe do Tusla agus a raibh ball de phearsanra na scoile bainteach leis.**

*20 Deireadh Fómhair 2020 (Pearsanra Scoile)*

*Chuir an príomhoide an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí ceangailte faoi bhráid an bhoird. Maidir le Cás 0014/2020, rinne an Bord athbhreithniú ar na doiciméid le folú déanta orthu agus a cuireadh ar fáil chun críocha maoirseachta. Soláthraíodh cóip amháin de na doiciméid comhaid le folú déanta orthu do chruinniú an bhoird. Coinníodh an chóip le folú seo i gcomhad 0014/2020 ina dhiaidh sin. Tá cuntas ar na doiciméid seo i dteimpléad F atá ceangailte. Bhí an Bord sásta gur cloíodh leis na nósanna imeachta tuairiscithe ábhartha.*